



Ciorclán 0077/2024

**Chuig: Príomhoide/Rúnaí Bhord Bainistíochta gach Pobalscoile/Scoile
Cuimsithí**

**Athbhreithniú Tuarastal do Rúnaithe Scoile agus Baill Foirne
Cothabhála i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha
faoin gcomhaontú dar teideal faoin gComhaontú Seirbhísí Poiblí
2024-2026**

Cur i bhfeidhm na gcoigeartuithe pá le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2024

Réamhrá

1. Is mian leis an Aire Oideachais údarais bhainistíochta a chur ar an eolas faoi na rátaí athbhreithnithe tuarastail agus liúntas do Rúnaithe Scoile agus Baill Foirne Cothabhála i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha a mbeidh éifeacht leo ón 1 Deireadh Fómhair 2024 dá bhforáiltear faoin gComhaontú Seirbhísí Poiblí 2024-2026.
2. Leagtar amach sa chiorclán seo na méaduithe pá atá dlite ón 1 Deireadh Fómhair 2024 mar a leasú ar an gComhaontú.

**Méaduithe tuarastail atá le cur chun feidhme faoin gcomhaontú dar teideal
Comhaontú Seirbhísí Poiblí 2024-2026**

3. Comhaontaíodh coigeartú pá 1% (nó €500, cibé acu is mó) tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhaontú. Cuirfear an coigeartú sin chun feidhme le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2024.
4. De réir Chuid 3.1 den chomhaontú dar teideal Comhaontú Seirbhísí Poiblí 2024-2026, méadófar tuarastail bhliantúla lánaimseartha ar an mbunscála faoi 1% (nó €500, cibé acu is mó) le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2024.
5. Tá na scálaí tuarastail athbhreithnithe do na baill foirne lena mbaineann leagtha amach in Aguisín 1.
6. Le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2024, glacfaidh téarmaí an Chiorcláin seo áit gach scála tuarastail is iníoctha le Rúnaithe Scoile agus Baill Foirne Cothabhála i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha.
7. Déileáfar le ró-íocaíochtaí i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCiorcláin 0084/2015.
8. Athbhreithneofar pá na mball foirne páirtaimseartha, de réir gnáthshocruithe, trí thagairt a dhéanamh do phá na mball foirne lánaimseartha lena mbaineann siad chun críocha pá de réir an Chiorcláin seo.

Liúntais

9. Foráiltear leis an gComhaontú do mhéaduithe ar liúntais phá freisin, ar méaduithe iad a bheidh cothrom le 1% ón 1 Deireadh Fómhair 2024. Maidir le liúntais a ríomhtar mar chéatadán sonrach nó mar sciar sonrach den bhunphá, ba cheart iad a ríomh trí thagairt a dhéanamh do na ráta athbhreithnithe pá a mbeidh éifeacht leo ón 1 Deireadh Fómhair 2024.

Asbhaintí as pá

10. Déanfar asbhaintí as pá a shloinntear mar chéatadán de phá (e.g., pleananna leanúnachas ioncaim, síntiúis cheardchumann) a athríomh trí thagairt a dhéanamh do na rátaí athbhreithnithe pá dá bhforáiltear sa litir seo.

Méaduithe pinsin

11. Comhaontaíodh prionsabal na paireachta pá i méaduithe pinsin do scéimeanna¹ a bhí ann cheana suas go dtí 30 Meitheamh 2026 ar aon dul leis an gcomhaontú leasaithe a rinneadh faoin gcomhaontú dar teideal 'Comhaontú Seirbhísí Poiblí 2024-2026'. Ba cheart méaduithe a chur ar aghaidh chuig pinsin de réir an bheartais sin.
12. Déantar pinsin na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ('Scéim Aonair') a uasrátaíl ar aon dul leis an Treoir-Uimhir Praghsanna do Thomhaltóirí faoi réir teorach ar leith ón Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Dá bhrí sin, maidir le Scéime Pinsin Aonair atá á n-íoc i leith iarsheirbhísigh poiblí a d'fhóin ag gráid a bhfuil feidhm ag an gCiorclán seo maidir leo, ní choigeartófar iad trí thagairt do na hathbhreithnithe ar an mbunphá atá leagtha amach de réir an chiorcláin seo.

Leasuithe pinsin le haghaidh scéimeanna seirbhíse pinsin poiblí a bhí ann cheana

13. Déanfar pinsin na ndaoine sin ar baill iad de scéim pinsean seirbhíse poiblí a bhí ann cheana (Scéim Neamh-Aonair) atá in íocaíocht ón 1 Deireadh Fómhair 2024 maidir le hiar-Sheirbhísigh Phoiblí a bhí ag feidhmiú sna gráid lena mbaineann an ciorclán seo, a choigeartú de réir mar is cuí ar an ngnáthbhealach, trí thagairt a dhéanamh do na hathbhreithnithe ar bhunphá atá leagtha amach de réir an chiorcláin seo. Féadfaidh Ranna/Oifigí a dheonaíonn pinsin agus cnapshuimeanna faoi údarás tarmligthe, faoi réir aon chomhairliúcháin is gá roimh ré leis an Roinn seo, íocaíochtaí pinsin a athbhreithniú go docht de réir an chiorcláin seo.
14. Ba cheart cnapshuimeanna na n-oifigeach sna gráid lena mbaineann an Ciorclán seo a chuaigh ar scor an 1 Deireadh Fómhair 2024 nó ina dhiaidh sin a athbhreithniú freisin faoi threoir na n-athbhreithnithe ar an mbunphá atá leagtha amach sa chiorclán seo mar is cuí. Ba cheart asbhaintí ó chnapshuimeanna i leith ranníocaíochtaí neamhthréimhsiúla (amhail iad siúd

¹ Scéimeanna Pinsin na Seirbhíse Poiblí a bhí ann cheana, mar a shainítear in Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012

faoi Scéimeanna Pinsin do Chéilí agus Leanaí) a choigeartú sna cásanna seo freisin. Níor cheart cnapshuim na n-oifigeach sna gráid lena mbaineann an Ciorclán seo a chuaigh ar scor roimh an 1 Deireadh Fómhair 2024 a choigeartú.

15. Ní mór pinsin d'oifigigh a chuaigh ar scor tar éis 1 Deireadh Fómhair 2024 a ndearnadh meastóireacht orthu le haghaidh an Teorainn Sochar Pinsin² faoi Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, a athmheas i gcomhthéacs na méaduithe atá leagtha amach sa chiorclán seo.
16. Ní mór pinsin d'oifigigh atá athfhostaithe sa tseirbhís phoiblí faoi láthair agus a ndearnadh a bpinsean a mheas le haghaidh Laghdú Pinsin³ faoi Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, a athmheas i gcomhthéacs na méaduithe atá leagtha amach sa chiorclán seo. Féadfaidh pinsinéir, nach raibh faoi réir lacáiste roimhe seo, a bheith faoi réir lacáiste anois mar thoradh ar na méaduithe. Leasuithe Pinsin don Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair.

Leasuithe pinsin le haghaidh an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair

17. Maidir le pinsinéirí na Scéime Aonair a bhí ag obair mar sheirbhísigh phoiblí (i ngráid lena mbaineann an imlitir seo) ar 1 Deireadh Fómhair 2024 agus a chuaigh ar scor ina dhiaidh sin sa tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2024 go dtí cibé dáta a dtiocfaidh an coigeartú pá seo i bhfeidhm, déanfar a méideanna fabhráithe agus asbhaintí ranníocaíochta dlite a ríomh athuair. Déanfar cnapshuim agus pinsin a íoctar a choigeartú ansin, de réir mar is cuí.

Ba cheart do na hÚdaráis Ábhartha an ríomh thuasluaite a dhéanamh freisin do na haicmí seo a leanas:

- Luathscoir Costas Neodrach (LSCN)
- Scor de bharr Drochshláinte (Aisce Gearrsheirbhíse san áireamh)
- Orduithe Coigeartaithe Pinsin (OCPanna)
- Bás le linn Seirbhíse (Céile/ Páirtí / Leanbh Incháilithe)
- Aisce Báis
- Aon chásanna ábhartha eile

D'fhéadfadh go mbeadh gá Ráitis Sochair Scoir Deiridh agus Ráitis Fágála do bhaill na Scéime Aonair sna gráid lena mbaineann an imlitir seo, a bhí ag obair mar sheirbhísigh phoiblí ar dhátaí athbhreithnithe an bhunphá agus a d'éirigh as nó a d'fhág a nÚdarás Ábhartha faoi seach ina dhiaidh sin, a choigeartú de réir mar is cuí.

² Ciorclán 13/2020 Treoir maidir le Cur i bhfeidhm na Teorann Sochar Pinsean faoi alt 52(6) agus (7) d'Acht Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012

³ Ciorclán 24/2022 Treoir maidir le Laghdú ar Phinsin Ghairme na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm

Tabhair faoi deara, mar a luadh cheana, nár cheart cnapshuim ná pinsin oifigeach sna gráid lena mbaineann an ciorclán seo a chuaigh ar scor roimh an 1 Deireadh Fómhair 2024 a choigeartú.

Scaipeadh agus ceisteanna

18. Cinntigh go dtabharfar cóipeanna den Chiorclán seo do gach comhalta den Bhord Bainistíochta agus go dtarraingeofar aird na mball foirne uile lena mbaineann ar a bhfuil ann, lena n-áirítear iad sin atá as láthair le cead.
19. Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag <https://www.gov.ie/ga/ciorclain/>
20. Ba cheart ceisteanna maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh trí ríomhphost chuig sdinfo@education.gov.ie

Tom Deegan
Príomhoifigeach
Airgeadas Scoileanna agus
Bunachar Sonraí

Mark Bohan
Príomhoifigeach
Caidreamh Foirne
Seachtrach

30 Meán Fómhair 2024

Aquisín 1:

**SCÁLAÍ PÁ DO RÚNAITHE SCOILE I bPOBALSCOILEANNA AGUS I
SCOILEANNA CUIMSITHEACHA A mBEIDH ÉIFEACHT LEO ÓN 1
DEIREADH FÓMHAIR 2024**

Grád III⁴:

Pointe Scála	Ráta ón 01/10/2024	Iontrálaí Nua Ráta ón 01/10/2024
1	€31,969	€29,811
2	€32,836	€31,543
3	€34,099	€31,969
4	€35,366	€32,836
5	€36,635	€34,099
6	€37,553	€35,366
7	€38,596	€36,635
8	€39,803	€37,553
9	€40,661	€38,596
10	€41,860	€39,803
11	€43,067	€40,661
12	€45,335	€41,860
13	€45,335	€43,067
14		€45,335
15		€45,335
Incrimint Fadseirbhíse*	€46,946	€46,946

** Tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an uasmhéid*

⁴ Cód párolla: G3 & G3NE

Grád IV⁵:

Pointe Scála	Ráta ón 01/10/2024	Iontrálaí Nua Ráta ón 01/10/2024
1	€37,217	€34,259
2	€39,355	€36,365
3	€41,316	€37,217
4	€43,035	€39,355
5	€44,695	€41,316
6	€46,938	€43,035
7	€48,559	€44,695
8	€50,207	€46,938
9		€48,559
10		€50,207
Incrimint Fadseirbhíse 1*	€51,733	€51,733
Incrimint Fadseirbhíse 2**	€53,301	€53,301

* *Tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an uasmhéid*

** *Tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an gcéad Incrimint Fadseirbhíse*

⁵ Cód párolla: G4 & G4NE

**PÁ FEIGHLITHE I bPOBALSCOILEANNA & I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA
TAOBH AMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATHA
(CATHAIR CHORCAÍ SAN ÁIREAMH Ó 1989 I LEITH)**

Feighlí⁶	Ráta ón 01/10/2024	Iontrálaí Nua Ráta ón 01/10/2024
Ar Earcaíocht	€38,205	€35,157
tar éis 6 mhí	€38,389	€35,889
tar éis bliain go leith	€38,565	€38,205
tar éis 2 bhliain go leith	€38,565	€38,389
tar éis 3 bliana go leith	€38,579	€38,565
tar éis 4 bliana go leith	€38,678	€38,565
tar éis 5 bliana go leith	€38,776	€38,579
tar éis 6 bliana go leith	€38,882	€38,678
tar éis 7 mbliana go leith	€38,983	€38,776
tar éis 8 mbliana go leith	€39,087	€38,882
tar éis 9 mbliana go leith	€39,198	€38,983
tar éis 10 mbliana go leith	€39,309	€39,087
tar éis 11 bhliain go leith	€39,412	€39,198
tar éis 12 bhliain go leith		€39,309
tar éis 13 bliana go leith		€39,412

⁶ Cód párolla: MA01 & MA01NE

**PÁ FREASTALAITHE I bPOBALSCOILEANNA & I SCOILEANNA
CUIMSITHEACHA TAOBH AMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH**

Freastalaí⁷	Ráta ón 01/10/2024	Iontrálaí Nua Ráta ón 01/10/2024
Ar Earcaíocht	€37,321	€34,353
tar éis 6 mhí	€37,506	€35,089
tar éis bliain go leith	€37,677	€37,321
tar éis 2 bhliain go leith	€37,777	€37,506
tar éis 3 bliana go leith	€37,879	€37,677
tar éis 4 bliana go leith	€37,975	€37,777
tar éis 5 bliana go leith	€38,077	€37,879
tar éis 6 bliana go leith	€38,178	€37,975
tar éis 7 mbliana go leith	€38,284	€38,077
tar éis 8 mbliana go leith	€38,391	€38,178
tar éis 9 mbliana go leith	€38,499	€38,284
tar éis 10 mbliana go leith	€38,499	€38,391
tar éis 11 bhliain go leith	€38,538	€38,499
tar éis 12 bhliain go leith		€38,499
tar éis 13 bliana go leith		€38,538

⁷ Cód párolla: MA07 & MA07NE

**PÁ FEIGHLITHE I bPOBALSCOILEANNA & I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA
TAOBH AMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH (CATHAIR CHORCAÍ
SAN ÁIREAMH Ó 1989 I LEITH) (Neamhbhail na Scéime Pinsin)**

Feighlí⁸	Ráta ón 01/10/2024	Iontrálaí Nua Ráta ón 01/10/2024
Ar Earcaíocht	€38,173	€35,129
tar éis 6 mhí	€38,359	€35,862
tar éis bliain go leith	€38,536	€38,173
tar éis 2 bhliain go leith	€38,536	€38,359
tar éis 3 bliana go leith	€38,553	€38,536
tar éis 4 bliana go leith	€38,649	€38,536
tar éis 5 bliana go leith	€38,748	€38,553
tar éis 6 bliana go leith	€38,851	€38,649
tar éis 7 mbliana go leith	€38,954	€38,748
tar éis 8 mbliana go leith	€39,058	€38,851
tar éis 9 mbliana go leith	€39,167	€38,954
tar éis 10 mbliana go leith	€39,277	€39,058
tar éis 11 bhliain go leith	€39,382	€39,167
tar éis 12 bhliain go leith		€39,277
tar éis 13 bliana go leith		€39,382

⁸ Cód párolla: MA02 & MA02NE

**PÁ FREASTALAITHE I bPOBALSCOILEANNA & I SCOILEANNA
 CUIMSITHEACHA TAOBH AMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH
 (Neamhbhail na Scéime Pinsin)**

Freastalaí⁹	Ráta ón 01/10/2024	Iontrálaí Nua Ráta ón 01/10/2024
Ar Earcaíocht	€37,290	€34,325
tar éis 6 mhí	€37,478	€35,063
tar éis bliain go leith	€37,650	€37,290
tar éis 2 bhliain go leith	€37,747	€37,478
tar éis 3 bliana go leith	€37,848	€37,650
tar éis 4 bliana go leith	€37,949	€37,747
tar éis 5 bliana go leith	€38,045	€37,848
tar éis 6 bliana go leith	€38,152	€37,949
tar éis 7 mbliana go leith	€38,253	€38,045
tar éis 8 mbliana go leith	€38,362	€38,152
tar éis 9 mbliana go leith	€38,468	€38,253
tar éis 10 mbliana go leith	€38,580	€38,362
tar éis 11 bhliain go leith	€38,580	€38,468
tar éis 12 bhliain go leith		€38,580
tar éis 13 bliana go leith		€38,580

⁹ Cód párolla: MA08 & MA08NE

**ZÓN BHAILE ÁTHA CLIATH, COMHAONTÚ CHLÁR UM IOMAÍOCHAS AGUS
OBAIR D'OIBRITHE GINEARÁLTA
(Baill den scéim pinsin ranníochach)**

FEIGHLITHE ¹⁰	Ráta ón 01/10/2024	Iontrálaí Nua Ráta ón 01/10/2024
1	€36,668	€33,462
2	€36,926	€34,231
3	€37,032	€36,668
4	€37,136	€36,926
5	€37,231	€37,032
6	€37,231	€37,136
7	€37,231	€37,231
8	€37,231	€37,231
9	€37,322	€37,231
10	€37,431	€37,231
11	€37,576	€37,322
12	€37,717	€37,431
13	€37,857	€37,576
14		€37,717
15		€37,857

	Ón 01/10/2024
Liúntas Airígh Shinsearaigh	€87.31
Liúntas Airígh Shóisearaigh	€34.04

	Ón 01/10/2024
Liúntas Airígh Shinsearaigh d'airígh i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha i limistéar Bhaile Átha Cliath i gcás gur ceadaíodh socruithe sealoibre	€84.61
Liúntas Airígh Shóisearaigh d'airígh i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha i limistéar Bhaile Átha Cliath i gcás gur ceadaíodh socruithe sealoibre	€31.33

¹⁰ Cód párolla: MA03 & MA03NE

**ZÓN BHAILE ÁTHA CLIATH, COMHAONTÚ CHLÁR UM IOMAÍOCHAS AGUS
OBAIR D'OIBRITHE GINEARÁLTA
(Neamhbhaill na Scéime Pinsin)**

OIBRÍ GINEARÁLTA¹¹	Ráta ón 01/10/2024	Iontrálaí Nua Ráta ón 01/10/2024
1	€36,638	€33,434
2	€36,895	€34,204
3	€37,001	€36,638
4	€37,101	€36,895
5	€37,203	€37,001
6	€37,313	€37,101
7	€37,313	€37,203
8	€37,313	€37,313
9	€37,313	€37,313
10	€37,407	€37,313
11	€37,549	€37,313
12	€37,688	€37,407
13	€37,829	€37,549
14		€37,688
15		€37,829

GLANTÓIRÍ

	Ráta ón 01/10/2024	Iontrálaí Nua Ráta ón 01/10/2024
GLANTÓIR - Ráta Páirtaimseartha	€18.34	€16.88

¹¹ Cód párolla: MA04 & MA04NE